Gaedhealg	English
0. Réamhrá.	**0. Réamhrá.**
Gréagach dob' eadh Aesop.	Aesop was a Greek.
Rugadh é tímpal sé cheud bliadhain roimh Chríost.	He was born about 600 B.C.
Daor dob' eadh é.	He was a slave.
Do mhair sé le línn Sólóin, an t-ollamh dlíghe ba mhó d'á raibh ar Ghreugaibh.	He lived in the time of Solon, the greatest of Greek law-givers.
D'ínseadh sé na Fabhail mar sholuídí, chum cómhairle a leasa thabhairt do ríghthibh agus do chómhachtaibh na h-aimsire sin.	He used to recite the Fables as illustrations for the purpose of giving sound advice to the kings and governments of that time.
Táid na Fabhail cheudna d'á n-ínsint ó shoin anuas i dteangthachaibh agus i n-urlabhraibh an domhain.	The same Fables have been repeated from that time to this in [all] the languages and modes of speech of the world.
Táthar 'ghá n-ínsint anois anso i nGaoluing bhreagh bhlasta bhínn.	[We] are telling them now here in fine sweet musical Irish.
1. An Frog agus an Mada Ruadh.	**1. The Frog and the Fox.**
Tháinig frog mór buidhe-bhreac ainíos as an loch agus do shuigh sé ar an bport agus chuir sé fógra amach, 'ghá rádh gur bh'árd-liagh é agus go raibh leigheas gach galair aige.	A big frog, with yellow spots upon him, came up out of a pond and sat upon the bank, and he gave public notice that he was a great physician, and that he could cure every complaint.
Thánadar na h-ainmhighthe go léir fá dhéin an leighis.	All the animals came expecting to get cured.
Bhí an mada ruadh ann.	The fox was among them.
D'fheuch sé ar an bhfrog. Nuair chonaic sé an t-ainmhíghe beag suarach do chuir sé dranghháire as.	When he saw the miserable little animal he gave a snarling laugh.
“Airiú greadadh chúgat!” ar seisean,	“Aroo, confound you” said he.
“má tá an t-eólus úd go léir agat fé mar fhógrais dúinn, nách mór an iongna ná h-imirean tu beagán dé ar do chorpáinín féin.	“If you have all that knowledge of which you have given us notice, is it not a great wonder that you do not apply a little of it to your own little body.
Ní'l aoinne anso indiú is mí-chúmtha 'ná thu.	There is no one here to-day more mis-shapen than you.
Agus cheapfá a chur 'na luighe orainn go bhfuilir ábalta ar ár ngearánta go léir do leigheas.	And you would mean to persuade *us* that you are able to cure all our complaints.
Thuit tonóisg beag amach dómh-sa agus baineadh an t- earball díom.	A little accident happened to myself by which I lost my tail.
Cheapas, nuair airígheas an fhógairt seo uait-se, go mb'fhéidir go gcurfá earball i n' inead orm.	I thought when I heard this advertisement of yours that perhaps you would supply me with a tail instead of it.
Ní fheicim, ámh, go bhfuil earball ort féin.	But I do not see that you have a tail yourself.
Preit! a dhuine, cá bh'fhios dod' leithéid-se cad a bhainean le h-earball!”	Nonsense, man ! What does the like of *you* know about a tail!”
Agus thug sé a chúl air go mí-cheadtach agus d'imthigh sé.	Whereupon he turned his back upon him in high ill-humour, and went away.

Do lean an chuid eile é agus iad go bréan díobh féin.	The rest followed him thoroughly disgusted with themselves.
An Múineadh.	Moral.
An t-é ná féadan a ghnó féin do dhéanamh is deacair a rádh go bhféadfaidh sé gnó an fhir thall do dhéanamh.	It is hard to expect that a person who is not able to do his own business will be able to do another person’s business.
“Do ghnó féin déin, a dhuine,	“Sir, your own work pray pursue,
Ná bac mo ghnó; ná mise.	Pass mine by, and myself too.
2. An Coileach agus an Mada Ruadh.	**2. The Cock and the Fox.**
Maidin bhreagh shamhraidh do thárla go raibh mada ruadh ag siúbhal go ciúin agus go h-aicillíghe, i gcómhgar do chró na gcearc.	One fine summer’s morning it happened that a fox was walking noiselessly and cautiously near the hen-roost.
Is réidh a thógadh sé na cosa agus is réidhe 'ná san a leigeadh sé féi iad.	He used to raise his feet ever so gently, and he used to put them down still more gently.
Dá fheabhas aire a thug sé dhóibh níor bh'fhada gur chuir sé cos acu sa n-innil a cuireadh sa n-áit d'aon ghnó chum beirtha air.	Notwithstanding all the care which he took of those feet, he soon put one of them into the trap which had been placed there on set purpose in order to catch him.
Bhí an coileach 'na sheasamh anáirde ar an gcró.	The cock was standing on the top of the hen-roost.
Do chonaic sé cad a thuit amach agus an cruadh-chás 'na raibh an mada ruadh.	He saw what happened, and the jeopardy in which the fox was.
“Ó! a choiligh an chroídhe 'stigh!” arsan mada ruadh, “tar agus bog díom an rud so nó is gearr go mbéidh mé gan chos.	“O cock, beloved of my heart within!” said the fox, “come and loosen this thing off me, or else I shall be soon without a foot.
Tá ioscad ghaoíl agam leat.	I am related to you.
Tar agus fuasgail mé.	Come and release me.
Díolfad an cómhar leat uair éigin.”	I will return you the compliment some time.”
Níor dhein an coileach acht imtheacht láithreach agus an sgéal d'ínsint d'fhear an tighe.	What the cock did was to go at once and tell the man of the house.
Tháinig seisean agus cleith aige agus do mhairbh sé an mada ruadh.	He came with a big stick and killed the fox.
An Múineadh.	Moral.
Truagh do'n chuirptheach! Mo thruagh-sa an t-é go bhfuil san aige.	Compassion for the villain! I pity the man who shows it.
Díolfaidh sé as an uair is lugha bhéidh cuinne aige.	He will suffer for it when he least expects it.
3. An Giorfhiadh agus an Gealún.	**3. The Hare and the Sparrow.**
Do rug fiolar ar ghiorfhiadh.	An eagle caught a hare.
Bhí sé 'ghá mhille agus 'ghá chnáthadh.	He was torturing it and worrying it.
Bhí gealún ar sgairt ag féuchaint ortha.	A sparrow was on a hedge looking at them.
“Cá bhfuil do chosa?” arsan gealún.	“Where are your legs?” said he.
“Cad 'na thaobh ná ruithean tú uaidh?	“Why don’t you run from him?
Dá mbéinn-se ad chás --.” Ní raibh sé d'uain aige a thuille do rádh.	If I were in your position” He had not time to say any more.
Do sguab seabhac chum siúbhail é.	A hawk swept him off.

“A!” arsan giorfhiadh, “is minic airígheas gur maith an t-iománaídhe an t-é a bhíon ar an gclaidh.”	“Ah!” said the hare, “I have often heard that the man on the fence is a good hurler.”
An Múineadh.	Moral.
An t-é bhéidh ag faire ar ghnó an fhir thall tabharfaidh sé fail- lighe 'na ghnó féin.	The man who will be watching another’s business will neglect his own business.
Ná tabhair cómhairle chómhgarach neamhchon- gantach uait nó tiocfaidh sí abhaile chúgat uair éigin.	Don’t insult a person with your [glib] useless advice when he wants the help which you either cannot or will not give. It will recoil on you some time.
4. An Fhuiseóg agus a h-Ál.	**4. The Lark and her Young Ones.**
Bhí fuiseóg agus nead aici i ngort.	A lark had a nest in a cornfield.
D'imthígheadh sí amach gach lá ag soláthar do'n ál bheag abhí sa nid aici.	She used to go out every day to provide for the little brood which she had in the nest.
Lá d'á raibh sí amuich tháinig fear an ghuirt agus a mhac agus d'airig na h-éin bheaga ag caint iad.	One day when she was out the owner of the field and his son came, and the small birds heard them talking.
“Ar airíghis, a mhic ó,” arsan fear, “tá an gort so aibig.	“Do you hear! my son?” said the man. “This cornfield is ripe.
Ní foláir é bhaint.	It must be reaped.
Imthig agus bailig na cómharsain agus bídís anso agat ar maidin amárach go mbaineam é.”	Go and collect our neighbours, and have them here tomorrow morning, so that we may reap it.”
Nuair tháinig an fhuiseóg abhaile d'inis na h-éin bheaga dhí cad dúbhairt an fear, “agus cad dhéanfam!” ar siad. “Marbhóchar sinn!”	When the lark came home the small birds told her what the man said. “And what shall we do?” said they, “We shall be killed”
“Ní baoghal daoibh,” ar sise. D'imthigh sí lá'r na mhárach ag soláthar mar an gcéadna.	“There is no danger,” said she, and she went off on the following day providing also.
Tháinig an fear agus a mhac chum an arbhair do bhaint acht níor tháinig aon chómharsa, agus nuair ná táinig aon chongnamh níor dheineadar aon obair.	The man and his son came to cut down the corn, but no neighbour came, and as any help did not come, they did not do any work.
D'fhanadar go h-eadartha ag feitheamh.	They waited until milking-time.
Ansan dúbhairt an t-athair: -	Then the father said:
“Is beag an tairbhe bheith ag feiteamh leó so,” ar seisean.	“It is little good to be waiting for these fellows.
“Imthigh ag triall ar ár ndaoíne muínteartha agus bídís anso agat ar maidin go mbaineam an pháirc seo.”	Go to our friends, and have them here in the morning, till we reap this field.”
Tháinig an fhuiseóg abhaile agus d'inis na h-éin bheaga an chaint sin dí, agus sgeón ionta.	The lark came home, -and the small birds told her that speech, and they were in a fright.
“Glacaig bhúr suaimhneas,” ar sise.	“Make your minds easy,” said she.
“Ní'l baoghal orainn.”	“We are in no danger.”
D'imthigh sí airís ar maidin ag soláthar.	She went off again in the morning to provide.
Tháinig an fear agus a mhac, acht níor tháinig aon duine muínteartha.	The man and his son came, but no friend came.

D'fhan an bheirt ag feitheamh go h-eadartha agus 'na dhiaigh.	The pair waited until milking- time, and after it.
Ansan do labhair an t-athair.	Then the father spoke.
“Is amhlaidh mar atá an sgeul, a mhic ó,” ar seisean, “caithfam féin an obair do dhéanamh.	“It is how the ease stands, my son,” said he, “we shall have to do the work ourselves.
Dá dtosnuíghmís ar maidin indé bhéadh a fhormhór déanta againn um an dtaca so.	Had we begun at it on yesterday morning, we would have the greater part of it done by this time.
Acht is fearr déanaighe 'ná ró dhéanaighe.	But, better late than too late.
Téanam abhaile anois go ragham a chodla i n-am agus béam anso ar eirghe laé ar maidin agus bainfam féin an gort.”	Come along home now, that we may go to bed in time, and be here at daybreak in the morning, and reap the cornfield ourselves.”
Tháinig an fhuiseóg abhaile.	The lark came home.
“Cad dúbhradh indiu?” ar sise.	“What did they say to-day? ’’ said she.
“Dúbhairt an fear,” ar siad, “go mbéadh sé féin agus a mhac anso ar eirghe laé ar maidin agus go mbainfidís féin an gort.”	“The man said,” said they, “that himself and his son would be here at daybreak, and that they would reap the field themselves.”
“Ambasa, a chlann ó,” ar sise, “ní foláir dúinn bheith ag gluaiseacht.	“Begor, my dear children,” said she, “we must be moving.
Bainfar an gort amárach.”	The field will be reaped to-morrow.”
An Múineadh.	Moral.
An t-é bhéidh ag brath ar an bhfear thall chum a ghnótha dhéanamh, béidh an gnó gan déanamh aige.	The man who will be depending on other people to do his business will have the business undone.
5.An t-Asal agus an Bia.	**5. The Ass and the Food.**
Bhí asal agus bhí ciseán ar a mhuin, agus bhí an ciseán lán de bhia mhaith, i gcóir na bhfear a bhí ag obair sa ghort ar an dtaobh thall de'n bhaile.	There was an ass who had a basket on his back, and the basket (was) full of good victuals for the men who were ’working in the cornfield at the other side of the townland.
Ag cur an bhóthair dé do'n asal, do chonaic sé feóchadán breágh glas borb i leith taoíbh an bhóthair, agus chrom sé ar é dh'ithe.	As the ass pursued his way he saw a fine green rich thistle growing at the side of the road, and he proceeded to eat it.
Nuair a chuaidh blas cúmhrtha an fheóchadáin suas 'na chogansach do dhein sé a mhachtnamh mar seo.	When the taste of the thistle got up into the back part of his palate he made his reflection in this way:
“Is greanmhar an sgéal é,” ar seisean.	“It is a curious fact” said he,
“Is iomdha bhia fóghanta agam sa chiseán so thiar ar mo mhuin, agus is mór é dúil na bhfear ann.	“there is a lot of good food in this basket which is behind upon my back, and great is the desire of the men for it.
Acht am briathar go mb'fhearr liom féin an feócha- dán so 'ná é.”	Now, upon my word, I would prefer this thistle to it.
An Múineadh.	Moral.
“Gach aoinne a's a mheón féin aige.”	“Every man to his taste.'
“Beatha dhuine a thoil!”	“The indulgence of a man’s ‘ sweet will ’ is the life of him, even though that indulgence were to consist in his sitting in a pool of water to amuse himself.”

6. Na Machtírí agus na Caoíre	**6. Na Machtírí agus na Caoire**
Bhíodar na machtírí agus na caoíre abhfad i gcogadh le chéile.	Bhíodar na machtírí agus na caoire i bhfad i gcogadh le chéile.
Fé dheire d'iaradar sos cómhraic ar a chéile	Fé dheireadh d’iarradar sos cómhraic ar a chéile
le h-ionchas go ndéanfí síothcháin.	le hionchas go ndéanfí síochháin.
Dob' éigean géill do thabhairt ó gach taobh go ndéanfí an sos comhraic do sheasamh.	Dob éigean gill do thabhairt ó gach taobh go ndéanfí an sos cómhraic do sheasamh.
Dúbhradar na machtírí, na caoíre do thabhairt na ngadhar uatha,	Dúradar na machtírí, na caoire do thabhairt na ngadhar uathu,
agus go tabharfidís féin a gcoileáin uatha.	agus go dtabharfaidís féin a gcoileáin uathu.
Do deineadh mar sin.	Do deineadh mar sin.
Ar ball, nuair chonacadar na coileáin na caoíre 'na dtímpal	Ar ball, nuair ’ chonacadar na coileáin na caoire ’na dtímpall
agus gan tuairisg ar a máithreachaibh fein,	agus gan tuairisc ar a máithreachaibh féin,
chromadar ar ghlamuíol agus ar ghol go truaghmhéileach.	chromadar ar ghlamaíol agus ar ghol go truamhéileach.
D'airigh na máithreacha gol na gcoileán.	D’airigh na máithreacha gol na gcoileán.
O!" ar siad, "táid na caoíre úd ag marbhadh ár gcoileán!	“Ó!” ar siad, “táid na caoire úd ag marú ár gcoileán!
Tá an sos cómhraic briste!"	Tá an sos cómhraic briste!”
Agus siúd ameasg na gcaorach iad,	Agus siúd i measc na gcaorach iad,
'ghá marbhadh agus 'ghá n-ithe,	dhá marú agus dhá n-ithe,
mar ní raibh aon ghadhar anois ag na caoíre bochta.	mar ní raibh aon ghadhar anois ag na caoire bochta.
An Múineadh. Glac cómhairle ód' namhaid acht féuch nách cómhairle ar mhaithe leis féin í.	An Múineadh. Glac cómhairle ód namhaid ach féach nách cómhairle ar mhaithe leis féin í.
7. An León agus na Cheithre Tairbh.	**7. An León agus na Cheithre Tairb**
Bhí cheithre tairbh ar ínse ag inníor.	Bhí cheithre tairbh ar ínse ag inníor.
Bhí cion acu ar a chéile agus d'fhanadar coitchianta i n-aice a chéile.	Bhí cion acu ar a chéile agus d’fhánadar coitianta in aice a chéile.
Bhí león ar charaig ag faire ortha agus mian mairtfheóla air.	Bhí león ar charraig ag faire orthu agus mian mairteóla air.
Bhí a fhios aige, dá dtugadh sé fé cheann acu do mharbhadh	Bhí a fhios aige, dá dtugadh sé fé cheann acu do mharú
go gcuirfadh an chuid eile na h-adharca láithreach ann agus go marbhóchaidís é.	go gcuirfeadh an chuid eile na hadharca láithreach ann agus go maróidís é.
Bhí sé i gcruadh-chás feuchaint cad ba mhaith dhó dhéanamh.	Bhí sé i gcruachás féachaint cad ba mhaith dho ’ dhéanamh.
Fé dheire do chuímhnig sé ar shligh 'na dtiocfadh sé ortha.	Fé dheireadh do chuímnigh sé ar shlí ’na dtiocfadh sé orthu.
Do ghluais sé ar measg na gcómharsan	Do ghluais sé ar measc na gcómharsan
agus chrom sé ar uisge fé thalamh do dhéanamh ameasg na dtarbh.	agus chrom sé ar uisce-fé-thalamh do dhéanamh i measc na dtarbh.
Dúbhairt sé i gcogar leis an mada ruadh gur airigh sé an tarbh ceanfhion 'ghá radh	Duairt sé i gcogar leis an mada rua gur airigh sé an tarbh ceannann dhá rá
gur tharbh gan mhaith an tarbh druimfhion.	gur tharbh gan mhaith an tarbh druimeann.

Dúbhairt sé leis an meaig gur airigh sé an tarbh donn 'ghá rádh gur bhitheamhnach an tarbh ceanfhion.	Duairt sé leis an meaig gur airigh sé an tarbh donn dhá rá gur bhithiúnach an tarbh ceannann.
Dúbhairt sé leis an bhfiach ndubh gur airigh sé an tarbh dubh 'ghá rádh	Duairt sé leis an bhfiach ndubh gur airigh sé an tarbh dubh dhá rá
go raibh an tarbh donn ar tí an tairbh cheanfhinn do mharbhadh.	go raibh an tarbh donn ar tí an tairbh cheannainn do mharú.
Bá ghearr go raibh an mada ruadh ar an ínse, 'na shuíghe ar thúrtóig,	Ba gheárr go raibh an mada rua ar an ínse, ‘’na suí ar thortóig,
agus an fiach dubh tamal uaidh anonn, ar ghéig fuinseóige	agus an fiach dubh tamall uaidh anonn, ar ghéig fuínseóige,
agus iad 'ghá ínsint d'á chéile cad dúbhairt an león.	agus iad dhá ínsint dá chéile cad ’duairt an león.
Bhí an meaig ag imtheacht ó dhrom tairbh go drom tairbh eile agus é ag sgeath-aireacht.	Bhí an meaig ag imeacht ó dhrom tairbh go drom tairbh eile agus é ag sceathaireacht.
Cad tá ag an mbeirt úd thall d'á rádh?" arsa tarbh de'n cheathrar, i gcogar, leis an meaig.	“Cad ’tá ag an mbeirt úd thall dá rá?” arsa tarbh den cheathrar, i gcogar, leis an meaig.
Ba ghearr go raíbh an chogarnach go léir ínste dhóibh ag an meaig.	Ba gheárr go raibh an chogarnach go léir ínste dhóibh ag an meaig.
D'inis sé an sgéal i gcogar do gach tarbh fé leith sa tímpal.	D’inis sé an scéal i gcogar do gach tarbh fé leith sa tímpall.
As sain amach do tháinig droch iontaoíbh ag an gceathrar as a chéile.	As san amach do tháinig drochiúntaoibh ag an gceathrar as a chéile.
Chuireadar suas de labhairt le chéile acht go h-anamh agus go cosantach.	Chuireadar suas de labhairt le chéile ach go hannamh agus go cosantach.
I ndiaidh ar ndiaidh do dhruideadar ó chéile.	I ndiaidh ar ndiaidh do dhruideadar ó chéile.
Fé dheire d'imthígheadar a' radharc a chéile.	Fé dheireadh d’imíodar a radharc a chéile.
Ansan do tháinig an león ortha, agus do mhairbh sé iad	Ansan do tháinig an león orthu, agus do mhairbh sé iad
agus d'ith sé iad ar a shástacht, 'na gceann a's 'na gceann.	agus d’ith sé iad ar a shástacht, ’na gceann is ’na gceann.
An Múineadh.	An Múineadh
Ní neart go cur le chéile.	Ní neart go cur le chéile.
Ní laige go sgaipe.	Ní laige go scaipeadh.
Tá duine ann is measa 'ná an t-áirseóir, fíor na Croise idir sinn a's é! 'Sé sin an tiúsgalóir.	“Tá duine ann is measa ná an t-áirseóir, fíor na Croise idir sinn is é! ’Sé sin an tiúsclóir.”
Éire i bpáirt - Éire ar lár.	Éire i bpáirt—Éire ar lár.
8. Na Frogana a' lorg Rígh.	**8. Na Froganna a’ Lorg Rí.**
Bhí loch breágh mór fairsing i lár machaire, agus é lán ó thaobh taobh d'fhroganaibh.	Bhí loch breá mór fairsiog i lár machaire, agus é lán ó thaobh taobh d’fhrogannaibh.
Frogana breághtha sleamhne beathuighthe b'eadh iad.	Froganna breátha sleamhaine beathaithe ab ea iad.
Bhí cuid acu mór agus cuid acu beag, cuid acu óg agus cuid acu críona,	Bhí cuid acu mór agus cuid acu beag, cuid acu óg agus cuid acu críonna,
cuid acu buídhe agus cuid acu crón.	cuid acu buí agus cuid acu crón.

Acht beag agus mór dóibh, buídhe agus crón dóibh, óg agus críona dhóibh,	Ach beag agus mór dóibh, buí agus crón dóibh, óg agus críonna dhóibh,
ní raibh oiread agus aon fhrog amháin acu go raibh buairt ná brón ná easba sláinte air.	ní raibh oiread agus aon fhrog amháin acu go raibh buairt ná brón ná easpa sláinte air.
Ní raibh de ghnó ná d'obair ná de chúram ortha, ó mhaidin go h-oídhche	Ní raibh de ghnó ná d’obair ná de chúram orthu, ó mhaidin go hoíche
acht bheith ag snámh anonn 's anall tríd an uisge,	ach bheith ag snámh anonn ’s anall tríd an uisce,
nó ag caitheamh trí léim táiliúra de dhruim achéile,	nú ag caitheamh trí léim táilliúra de dhruím a chéile,
nó 'gá n-iomlosg féin sa ghlóthaig.	nú dhá n-iomlasc féin sa ghlóthaigh.
Dar leó níor deineadh ceól síghe riamh ba bhreághtha 'ná an ceól a bhiodh acu	Dar leó níor deineadh ceól sí riamh ba bhreátha ná an ceól a bhíodh acu
agus iad ag crónán agus ag cnádán agus ag cneadaig, mór thímpal an locha.	agus iad ag crónán agus ag cnádán agus ag cneadaigh, mórthímpall an locha.
Do cluintí an dórd seacht n-acra ó'n loch,	Do cluintí an dórd seacht n-acra ón loch,
i dtreó, nuair bhíodh an mada ruadh nó an giorfhiadh ag teacht abhaile ó'n bhfiadhach	i dtreó, nuair ’ bhíodh an mada rua nú an giorrae ag teacht abhaile ón bhfiach
go stadaidís tamal ag éisteacht leis an bhfoghar mbreágh.	go stadaidís tamall ag éisteacht leis an bhfoghar mbreá.
Dá fheabhas a bhí an saoghal acu ní rabhdar sásta.	Dá fheabhas a bhí an saol acu ní rabhadar sásta.
Thuigeadar na n- aigne go raibh aon easnamh amháin ortha	Thuigeadar ’na n-aigne go raibh aon easnamh amháin orthu
agus ná raibh maith ar bith i n-aon nídh d'á raibh acu muna leighisfí an t-easnamh san dóibh.	agus ná raibh maith ar bith in aon ní dá raibh acu muna leighisfí an t-easnamh san dóibh.
B'é easnamh é sin 'ná iad do bheith gan rígh os a gcionn.	B’é easnamh é sin ná iad do bheith gan rí os a gciúnn.
“Is truagh,” ar siad, “gan rígh uasal os ár gcionn,	“Is trua,” ar siad, “gan rí uasal os ár gciúnn,
agus é 'na shuighe 'na chathaoír ríoga, agus a choróinn ríoga ar a cheann aige,	agus é ’na shuí ’na chathaoir ríoga, agus a choróinn ríoga ar a cheann aige,
agus é ag déanamh dlighthe agus riaghalta dhúinn!”	agus é ag déanamh dlithe agus rialta dhúinn!”
Isé Iupiter do dhéineadh agus do bhriseadh ríghthe sa n-am san.	Is é Iupiter do dheineadh agus do bhriseadh ríthe san am san.
Thiomáineadar teachtaireacht ag trial ar Iupiter 'ghá iaraidh air rígh thabhairt dóibh.	Thiomáineadar teachtaireacht ag triall ar Iupiter dhá iarraidh air rí ’ thabhairt dóibh.
“Imthigh,” arsa Iupiter le n-a ghiolla, “agus tabhair rígh dhóibh siúd.”	“Imigh,” arsa Iupiter lena ghiolla, “agus tabhair rí dhóibh siúd.”
“Cad é an rígh a thabharfad dóibh?” arsan giolla.	“Cad é an rí a thabharfad dóibh” arsan giolla.
“Déanfaidh sail mhaith mhór ghiúise a ngnó,” arsa Iupiter.	“Déanfaidh sail mhaith mhór ghiúise a ngnó,” arsa Iupiter.
D'imthig an giolla agus d'aimsigh sé sail mhór ghiúise	D’imigh an giolla agus d’aimsigh sé sail mhór ghiúise
agus thug sé leis í agus chaith sé chúcha isteach í, i lár an locha.	agus thug sé leis í agus chaith sé chúthu isteach í, i lár an locha.

Nuair thuit an tsail sa loch do stealladh an t-uisge sa spéir	Nuair ’ thit an tsail sa loch do stealladh an t-uisce sa spéir
agus do baineadh a leithéid sin de gheit as na froganaibh	agus do baineadh a leithéid sin de gheit as na frogannaibh
gur shádhadar iad féin d'aon tsádh amháin síos ins a' draoíbh a bhí i mbun an locha,	gur shádar iad féin d’aon tsá amháin síos ins a’ draoib a bhí i mbun an locha,
agus ná raibh gíocs ná míocs asta go ceann abhfad.	agus ná raibh gíocs ná míocs astu go ceann i bhfad.
Fé dheire, nuair nár airigheadar a thuille fothraim,	Fé dheireadh, nuair nár airíodar a thuilleadh fothraim,
do thóg frog acu a cheann agus d'fheuch sé suas.	do thóg frog acu a cheann agus d’fhéach sé suas.
Bhí an tsail ansúd sínte ar bár uisge agus gan cor ná leid aici dá chur dí.	Bhí an tsail ansúd sínte ar bárr uisce agus gan cor ná leid aici dá chur di.
Do ghlaoidh an frog san láithreach ar an gcuid eile.	Do ghlaeigh an frog san láithreach ar an gcuid eile.
“Éiríg,” ar seisean, “agus téanam go bhfeiceam an rígh!”	“Éirídh,” ar seisean, “agus téanam go bhfeiceam an rí!”
D'eiríghdar, go maol agus go modhmhail ar dtúis.	D’éiríodar, go maol agus go modhúil ar dtúis.
Thánadar go réidh i dtreó na saile.	Thánadar go réidh i dtreó na saile.
Do shnámhdar 'na tímpal agus fan a dhá taobh síos agus suas.	Do shnámhadar ’na tímpall agus fan a dhá taobh síos agus suas.
Ansan do shnámhdar treasna fúithi anonn agus anall.	Ansan do shnámhadar treasna fúithi anonn agus anall.
Níor chuir sí cor dí, nídh nách iongna.	Níor chuir sí cor di, ní nách iúnadh.
Ba ghearr gur chuadar i ndánacht.	Ba gheárr gur chuadar i ndánacht.
Ba ghearr gur léim frog acu anáirde uirthi.	Ba gheárr gur léim frog acu in áirde uirthi.
Ba ghearr go rabhdar anáirde uirthi 'na bhfichidibh.	Ba gheárr go rabhadar in áirde uirthi ’na bhfichidibh.
Níor chuir sise cor dí.	Níor chuir sise cor di.
“Ach!” ar siad, “ní'l sa rígh seo acht rígh gan mhaith!”	“Ach!” ar siad, “níl sa rí seo ach rí gan mhaith!”
Thiomáineadar teachtaireacht eile ag trial ar Iupiter 'ghá iaraidh air	Thiomáineadar teachtaireacht eile ag triall ar Iupiter dhá iarraidh air
rígh do chur chúcha “go mbéadh gníomh ann.”	rí do chur chúthu “go mbeadh gníomh ann.”
“Imthigh,” arsa Iupiter le n-a ghiolla, “agus tabhair dóibh siúd rígh go mbéidh gníomh ann.”	“Imigh,” arsa Iupiter lena ghiolla, “agus tabhair dóibh siúd rí go mbeidh gníomh ann.”
D'imthigh an giolla agus thug sé leis athair nímhe, árachtaídhe do phéist mhór chraosach,	D’imigh an giolla agus thug sé leis athair nímhe, árrachtaí de phéist mhór chraosach,
agus chaith sé sa loch chúcha an phiast.	agus chaith sé sa loch chúthu an phiast.
Ní túisge thúirling an phiast sa lóch	Ní túisce ’ thúirlic an phiast sa loch
'ná ghluais sí i ndiaigh na bhfrogana 'ghá n-ithe ar a díthchioll.	ná ghluais sí i ndiaidh na bhfroganna dhá n-ithe ar a dícheall.
Do liúghdar ar Iupiter an phiast do thógáilt uatha.	Do liúdar ar Iupiter an phiast do thógáilt uathu.

“B'fhéidir,” arsa Iupiter, “dá olcas é go dtiocfadh rígh ba mheasa 'ná é 'na dhiaigh chúghaibh.”	“B’fhéidir,” arsa Iupiter, “dá olcas é go dtiocfadh rí ba mheasa ná é ’na dhiaidh chúibh.”
“A!” ar siad. “Is truagh chráidhte nár fhanamair mar bhí againn ar dtúis.	“Á!” ar siad. “Is trua chráite nár fhanamair mar ’ bhí againn ar dtúis.
Is maith is cuímhin linn a fheabhas a bhí an saoghal againn!”	Is maith is cuímhin linn a fheabhas a bhí an saol againn!”
“An t-é ná béidh ciall aige béidh cuímhne aige,” arsa Iupiter leó.	“An té ná beidh ciall aige beidh cuímhne aige,” arsa Iupiter leó.
9. - An Mac agus a Mháthair.	**9. An Mac agus a Mháthair.**
Bhí an mac ar sgoil agus ghoid sé leabhar ó sgoláire eile.	Bhí an mac ar scoil agus ghuid sé leabhar ó scoláire eile.
Nuair tháinig sé abhaile agus an leabhar aige	Nuair ’ tháinig sé abhaile agus an leabhar aige
is amhlaidh a mhol an mháthair an gníomh a bhí déanta aige.	is amhlaidh a mhol an mháthair an gníomh a bhí déanta aige.
Ba ghearr gur ghoid sé tuille	Ba gheárr gur ghuid sé tuilleadh
agus má ghoid do mhol sí níos fearr é.	agus má ghuid do mhol sí níos feárr é.
Fé mar a neartuigh sé sa n-aois do chruaidh sé sa ghaduígheacht	Fé mar a neartaigh sé san aois do chruaigh sé sa ghadaíocht
agus thug sé a lán neithe ba dhaoíre 'ná a chéile chum a mháthar.	agus thug sé a lán nithe ba dhaoire ná a chéile chun a mháthar.
Fé dheire do rugadh air agus do daoradh chum a chrochta é.	Fé dheireadh do rugadh air agus do daoradh chun a chrochta é.
Bhí sé thuas ar an gcroich agus an teud fé n-a mhuineál.	Bhí sé thuas ar an gcroich agus an téad féna mhuineál.
Bhí a mháthair 'na seasamh ag bun na croiche agus í ag gol.	Bhí a mháthair ’na seasamh ag bun na croiche agus í ag gol.
D'iar sé ar an lucht coimeádta leigint dó focal do labhairt léi.	D’iarr sé ar an lucht cimeádta leogaint do focal do labhairt léi.
Do leigeadh anáirde í.	Do leogadh in áirde í.
Do chrom sé a cheann chum a cluaise mar bhéadh sé chum cogair a thabhairt dí.	Do chrom sé a cheann chun a cluaise mar ’ bheadh sé chun cogair a thabhairt di.
I n-a inead san is amhlaidh a rug sé ar chluais uirthi le n-a fhiacalaibh.	In’ inead san is amhlaidh a rug sé ar chluais uirthi len’ fhiaclaibh.
Do bhain sé an chluas ó'n gceann dí!	Do bhain sé an chluais ón gceann di!
Do sgread a raibh láithreach le grain ar a leithéid de ghníomh ag mac d'á dheanamh ar a mháthair	Do scread a raibh láithreach le gráin ar a leithéid de ghníomh ag mac dá dhéanamh ar a mháthair
agus é ag dul chum báis.	agus é ag dul chun báis.
“Stadaig, a dhaoíne maithe,” ar seisean.	“Stadaidh, a dhaoine maithe,” ar seisean.
“Cé is dóich libh a thug chum na croiche seo mise?” ar seisean.	“Cé is dó’ libh a thug chun na chroiche seo mise?” ar seisean.
“Sin í ansan í,” ar seisean.	“Sin í ansan í,” ar seisean.
“Dá ngabhadh sí orm go maith le slait an lá a ghuideas an leabhar	“Dá ngabhadh sí orm go maith le slait an lá a ghuideas an leabhar
ní ghuidfinn a thuille agus ní bhéinn anso anois.”	ní ghuidfinn a thuilleadh agus ní bheinn anso anois.”

An Múineadh	An Múineadh
Tosach an uilc isé is usa do chosg.	Tosach an uilc is é is usa do chosc.
“Nuair chruadhan an tslat is deacair í shníomh.”	“Nuair ’ chruann an tslat is deocair í ’ shníomh.”
“Ní bhíon an rath acht mar a mbíon an smacht.”	“Ní bhíonn an rath ach mar a mbíonn an smacht.”